# An Timpeallacht Gheilleagrach

Tá an t-ionchas do gheilleagar na hÉireann fabhrach tríd is tríd. I ndiaidh fhás 7.8 faoin gcéad ar OTI in 2015, measann an Banc go dtiocfaidh fás 5.1 faoin gcéad ar OTI i mbliana agus fás 4.2 faoin gcéad uirthi an bhliain seo chugainn. Neartaigh agus leathnaigh an fás eacnamaíoch le 12-18 mí anuas agus cuirtear in iúl leis na sonraí Cuntas Náisiúnta gur luathaigh luas an fháis sa dara leath de 2015 agus gurb é an t-éileamh intíre príomhspreagadh an leathnaithe anois. Cé go meastar go maolóidh luas an fháis in 2016 agus 2017 i gcomparáid le ráta fíorláidir na bliana seo caite, feabhsófar inmharthanacht an fháis sin de réir mar a leathnaíonn an téarnamh thar an aisphreabadh tosaigh a bhí bunaithe ar onnmhairí. Ag féachaint romhainn, leanfaidh tosca intíre de bheith mar phríomhspreagthaí an fháis thar thréimhse na réamhaisnéise, agus eascróidh aon rioscaí ionchasacha as tosca seachtracha.

Bhí fás sách láidir agus leathan ar fhostaíocht, rud a bhí mar bhonn taca faoi neartú an fháis eacnamaíoch le bliain anuas agus treisíodh an fás sin le feabhas ar thuillimh agus le neartú na cumhachta ceannaigh de thoradh praghsanna ísle fuinnimh. Ba shuntasach an feabhas ar mhargadh an tsaothair, an toisc ba thábhachtaí is dócha ó thaobh an téarnamh a spreagadh le blianta beaga anuas, sa mhéid gurb ionann agus 2 faoin gcéad an fás bliantúil ar fhostaíocht ón ngéarísliú fostaíochta go luath in 2012. I dteannta leis an iarmhairt dhearfach a bhí ag éifeacht charnach na ngnóthachan seo, bhí fás á spreagadh fresin ag dálaí leanúnacha fabhracha airgeadais, ag timpeallacht beartais is lú srianadh agus ag feabhas áirithe ar staid airgeadais teaghlach agus gnólachtaí.

Ag freagairt do na tacaí sin, bhí ról tábhachtach ag caiteachas tomhaltóirí agus infheistíochta ó thaobh fás láidir a spreagadh le bliain anuas. Ní mór a bheith cúramach, áfach, agus ciall á baint as neart phríomhthomhais an éilimh intíre le déanaí agus as fás OTI agus OTN. Leis na forbairtí cuideachta agus forbairtí earnáil-shonracha a bhaineann le hinfheistíocht i sócmhainní doláimhsithe agus le ceannach aerárthaí, déantar difear do leibhéal na hinfheistíochta agus na n-onnmhairí sa gheilleagar agus saobhtar tomhais chaighdeánacha chomhdhéanamh an fháis. I dtéarmaí níos ginearálta, ní léiríonn neart an fháis ar OTI, nó fiú ar OTN, a mhéid atá folláine bhunúsach an gheilleagair ag feabhsú. Mar sin féin, bhí neartú suntasach le feiceáil ar an mbunéileamh intíre, arna thacú le feabhas follasach ar fhostaíocht agus ar ioncam, agus b’ionann an fás ar an éileamh intíre sin agus beagnach 4 faoin gcéad, glan ar infheistíocht in aerárthaí agus i sócmhainní doláimhsithe.

Ag féachaint romhainn, meastar go dtiocfaidh príomhspreagadh an fháis in 2016 agus 2017 ó neart leanúnach an éilimh laistigh den gheilleagar i bhfoirm dlúthfháis ar chaiteachas tomhaltóirí agus infheistíocht. Is é an téarnamh leanúnach ar fhostaíocht agus ar ioncam príomhspreagadh an fháis, cé go meastar go maolóidh an fás ar fhostaíocht de réir a chéile thar thréimhse na réamhaisnéise. D’ainneoin an mhoillithe chéimsigh seo, meastar go dtiocfaidh fás 4 faoin gcéad arís i mbliana ar an mbunéileamh intíre agus fás 3 faoin gcéad an bhliain seo chugainn. Ar bhonn na réamhaisnéisí is deireanaí sna comhpháirtithe trádála, meastar go mbeidh an fás ar onnmhairí fabhrach in 2016 agus 2017 ach meastar go ndéanfar iarmhairt an méid sin ar an bhfás eacnamaíoch foriomlán a fhritháireamh don chuid is mó leis an bhfás leanúnach láidir ar allmhairí. Ar an mbonn sin, is é an taobh intíre den gheilleagar is mó a chuirfidh leis an bhfás i mbliana agus an bhliain seo chugainn.

Agus forbairtí agus ionchais ó foilsíodh an Fhaisnéis Ráithiúil dheireanach á gcur san

áireamh, meastar sa réamhaisnéis is deireanaí go mbeidh an fás ar OTI beagán níos airde in 2016 agus beagán níos ísle in 2017 i gcomparáid leis na réamh-mheastacháin roimhe seo. Meastar anois go mbeidh fás 5.1 faoin gcéad ar OTI in 2017, 0.3 faoin gcéad níos airde ná an réamh-mheastachán roimhe seo, rud a léiríonn tabhairt ar aghaidh ón bhfás fíorláidir sa dara leath de 2015. Ar bhonn na réamhaisnéisí is deireanaí ó na comhpháirtithe trádála, meastar go dtiocfaidh fás 4.2 faoin gcéad ar an OTI in 2017, 0.2 faoin gcéad níos ísle ná mar a measadh sa réamhaisnéis dheireanach ón mBanc.

Cé go bhfuil an t-ionchas fáis sách fabhrach agus go bhfuil an móiminteam eacnamaíoch láidir, is rioscaí ar an taobh thíos iad na rioscaí do na réamh-mheastacháin agus baineann siad le tosca seachtracha don chuid is mó. Maidir leis an taobh intíre, cé go bhfuil feabhas ag teacht ar fhéichiúnas na hearnála príobháidí, tá leibhéil an fhéichiúnais sin ard i gcónaí. Leis an ionchas fabhrach fáis, tá deis ann na leibhéil sin a laghdú. Maidir leis an taobh eachtrach, d'fhéadfadh go mbeadh na dálaí eacnamaíocha agus airgeadais sa gheilleagar idirnáisiúnta níos laige ná mar a mheastar faoi láthair. Ar bhealach níos sonraí, ó tharla go bhfuil na réamhaisnéisí san Fhaisnéis Ráithiúil seo bunaithe ar shocruithe reatha institiúideacha, tá éiginnteacht ag baint leis an ionchas don Ríocht Aontaithe mar gheall ar reifreann 'Brexit' a sheolfar sa Ríocht Aontaithe go luath agus is riosca ar an taobh thíos é an reifreann sin.

Bhí forbairtí maidir leis an airgeadas poiblí sách fabhrach, rud a léiríonn an fheidhmíocht láidir eacnamaíoch. Leis an bhfás láidir intíre-threoraithe, neartaíodh an t-ioncam cánach agus bhí éifeacht mhaolaithe aige ar roinnt gnéithe fritimthriallacha den chaiteachas poiblí. Chomh maith leis sin, chonacthas méadú fíorláidir ar OTI ainmniúil arbh ionann é agus 13.5 faoin gcéad, agus chuir neart an fháis sin le laghduithe níos mó ná a rabhthas ag súil leo ar easnamh fioscach agus ar chóimheasa fiachais in 2015, tríd an iarmhairt a bhí aige ar neartú an ainmneora sna cóimheasa sin. Ó tharla go meastar go dtiocfaidh fás 7.0 faoin gcéad agus 6.6 faoin gcéad, faoi seach, ar OTI ainmniúil in 2016 agus 2017, ba cheart go rannchuideodh fás leanúnach láidir leis an airgeadas poiblí. Ar a a shon sin, tá leibhéal an féichiúnais phoiblí an-ard i gcónaí, rud a léiríonn an tábhacht a bhaineann laghdú an fhiachais go dtí léibhéil níos ísle agus níos sábháilte. Ar a laghad ar bith, ba cheart a áirithiú go gcomhlíonfaí na rialacha fioscacha ábhartha, rud a chinnteodh go leanfaí leis an dul chun cinn cothrom i dtreo chomhardú an bhuiséid i dtéarmaí struchtúracha faoi 2018.

De réir mar atá leathnú agus luathú ag teacht ar an téarnamh eacnamaíoch, tá aisphreabadh áirithe le feiceáil ar phánna agus tá móiminteam ann chun dul níos faide sa treo sin. I ndiaidh thréimhse fhada an choigeartaithe, tá sé intuigthe go mbeadh téarnamh áirithe ar fhás pá; tá sé tábhachtach, áfach, nach n-eascróidh róluaineacht as an bpróiseas seo. D'ainneoin léibhéil ísle an bhoilscithe le blianta beaga anuas, is suíomh ardchostais í gcónaí í Éire i dtéarmaí na timpeallachta costais níos leithne. Cé go bhfuil fuinneamh ag teacht faoi théarnamh eacnamaíoch na hÉireann, níl sé i gcrích go fóill. Le feabhsuithe marthanacha ar tháirgiúlacht agus ar iomaíochas, neartófaí ionchas fáis na hÉireann agus thacófaí le fás inbhuanaithe ar fhostaíocht amach anseo.